SDCC
Comhairle Contae Átha Cliath Theas South Dublin County Council

## CUID 8 FÓGRA POIBLÍ
## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)
## NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ)
## FÓGRA AR FHORBAIRT ATÁ BEARTAITHE AG ÚDARÁS ÁITIÚIL

De bhun cheanglais na reachtaíochta thuas, tugtar fógra leis seo maidir leis an togra chun an fhorbairt seo a leanas de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a thógáil:

**SCARTÁIL BHEARTAITHE AR LÁITHREÁN CÓIRÍOCHTA DO THAISTEALAITHE AR A dTUGTAR 'ÁRÁIS BHÓTHAR NA CARRAIGE', LEAMHCÁN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS FORBAIRT BHEARTAITHE SCÉIM TITHÍOCHTA GRÚPA MAIDIR LE CÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE AR LÁITHREÁN AR A dTABHARFAR 'BÓTHAR AN LOIC', CAISLEÁN NA GRÁINSÍ THIAR, LEAMHCÁN, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH.**

Beidh an méid seo a leanas i gceist leis na hoibreacha:

1. Scartáil ar Láithreán Cóiríochta do Thaistealaithe atá ann cheana (Achar 0.81 heicteár) ar a dtugtar 'Árais Bhóthar na Carraige'.
2. Forbairt scéim tithíochta grúpa maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe (Achar 1.56 heictéar) ar a dtabharfar 'Bóthar an Loic'. Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an bhforbairt atá beartaithe;
   - i. Teach nua scortha aon stóir a mbeidh dhá áit pháirceála leis.
   - ii. Trí bhá láithreáin stad nua, ina mbeidh aonad lae aon stóir, aonad soghluaiste in aice láimhe agus dhá áit pháirceála.
   - iii. Club nua obair bhaile aon stóir.
   - iv. Áit súgartha nua agus áit a bhfuil dromchla crua air.
   - v. Áit fiontraíochta nua.
   - vi. Dhá sheid stórála.
   - vii. Stóras nua taobh amuigh do bhoscaí bruscair.
   - viii. Stáisiún nua caidéalaithe Uisce Éireann.
   - ix. Suiteáil soilse nua láithreáin taobh amuigh.
   - x. Athchoigeartú ar an mbealach isteach chun an láithreáin atá ann cheana féin chun rochtain do choisithe agus d'fheithiclí a chur ar fáil.
   - xi. Gach bóthar, cosán agus fál teorann gaolmhar.
   - xii. Le gach tírdhreachadh crua agus bog, áireofar Beirm ar an taobh thiar agus ar an taobh thoir den fhorbairt bheartaithe.
   - xiii. Na hoibreacha coimhdeacha gaolmhara uile sna limistéir in aice láimhe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, áirítear leo siúd an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh ach oiread: draenáil uisce salach agus dromchla agus soláthairtí fóntais.

Rinneadh Scagadh Measúnachta Cuí ar an moladh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus Scagadh do Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAlt 81 na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, rinne an tÚdarás Pleanála an cinneadh seo a leanas:

(a) Nach dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ar bhonn aonair ná in éineacht le pleananna agus tionscadail eile, ar láithreá(i)n Eorpach(a) ar bith agus nach gá Measúnacht Chuí Céim 2 dá réir sin.

(b) Nach bhfuil aon fhíordhochúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol de bharr na forbartha beartaithe agus nach forbairt í den chineál atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin Um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, agus nach bhfuil aon ghá le Tuarascáil um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (TMMT) dá réir sin.

Is féidir le haon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála ar chinneadh scagtha i dtaobh an dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbraíocht ar an gcomhshaol.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ar thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (http://consult.sdublincoco.ie) idir **an 29ú Eanáir 2026 agus an 13ú Márta 2026.**

Beidh sonraí agus pleananna priontáilte ar fáil lena n-iniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ag Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le linn uaireanta oifige ón **29ú Eanáir 2026 go dtí an 27ú Feabhra 2026.**

**Aighneachtaí:**

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, i ndáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt bheartaithe suite, a dhéanamh i scríbhinn go dtí **an 13ú Márta 2026** agus féadfar iad a chur isteach ar na bealaí seo a leanas;

- Ar thairseach comhairliúcháin phoiblí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas http://consult.sdublincoco.ie, faoi **11:59pm an 13ú Márta 2026.**

  **Nó**

- I scríbhinn chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe, Stiúrthóireacht Tithíochta, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, le go bhfaighfear iad ar nó roimh **5.00pm an 13ú Márta 2026.** Ba chóir an teideal seo a leanas a chur ar an aighneacht: **"Bóthar an Loic, Cóiríocht do Thaistealaithe, Caisleán na Gráinsí Thiar, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath".**

**TABHAIR FAOI DEARA:** Níor chóir d'aighneacht a dhéanamh ach ar bhealach amháin. Ní dhéanfar ach aighneachtaí a fhaightear faoi an **13ú Márta 2026** agus a bhfuil an seoladh agus na sonraí thuasluaite orthu a mheas. Ba cheart go luafaí ar na haighneachtaí ar fad d'ainm agus seoladh teagmhála agus, más cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa poiblí nó cuideachta srl., a n-oibríonn tú ar a son. Ní dhéanfar a mheas ach aighneachtaí a fhaightear ar an mbealach atá leagtha amach thuas. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2006 (arna leasú) maidir leis na taifid uile atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Is féidir breathnú ar ráitis phríobháideachais um Shonraí Pearsanta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar www.sdcc.ie agus coinneofar na sonraí pearsanta ar fad de réir na gceanglas reachtúil.

**Sínithe: Stiúrthóir Tithíochta, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.**

Suíomh Gréasáin: www.sdcc.ie

## PART 8 PUBLIC NOTICE
## PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)
## PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS, 2001 (AS AMENDED)
## NOTICE OF PROPOSED DEVELOPMENT BY A LOCAL AUTHORITY

Pursuant to the requirements of the above, notice is hereby given of the proposal to construct the following development by South Dublin County Council:

**PROPOSED DEMOLITION OF THE EXISTING TRAVELLER ACCOMODATION SITE KNOWN AS 'ROCK ROAD MANSIONS', LUCAN, CO. DUBLIN AND THE PROPOSED DEVELOPMENT OF A NEW TRAVELLER ACCOMODATION GROUP HOUSING SCHEME ON A SITE TO BE KNOWN AS 'LOCK ROAD', GRANGE CASTLE WEST, LUCAN, CO. DUBLIN.**

Works to comprise of:

1. Demolition of the existing Traveller Accommodation Site (Area 0.81 hectares) known as 'Rock Road Mansions'.
2. Development of a new Traveller Accommodation group housing scheme (Area 1.56 hectares) to be know as 'Lock Road'. The proposed development will include;
   - i. New single story detached house with 2 No. car parking spaces.
   - ii. 3 No. new halting site bays, each with a single story day unit, an adjacent mobile unit and 2 No. car parking spaces.
   - iii. New single story homework club.
   - iv. New play area and hard standing.
   - v. New enterprise area.
   - vi. 2 no. storage sheds.
   - vii. New external bin store.
   - viii. New Irish Water pumping station.
   - ix. Installation of new external site lighting.
   - x. Reconfiguring of the existing entrance to the site to provide pedestrian & vehicle access.
   - xi. All associated roadways, paths and boundary fencing.
   - xii. All hard and soft landscaping to include a Berm to the West and South of the proposed development.
   - xiii. All associated ancillary site works as may be required in adjacent lands but not limited to foul and surface water drainage and utility supplies.

The proposal has undergone Screening for Appropriate Assessment in accordance with Article 6(3) of the Habitats Directive (92/43/EEC) and Screening for Environmental Impact Assessment under the EIA Directive 2011/92/EU, as amended by Directive 2014/52/EU.

In accordance with Article 81 of the Planning & Development Regulations 2001, as amended, the Planning Authority has made a determination and concluded that:

(a) The proposed development, either individually or in combination with other plans and projects, is not likely to have a significant effect on any European site(s) and therefore a Stage 2 Appropriate Assessment is not required.

(b) There is no real likelihood of significant effects on the environment arising from the proposed development and that the proposed development is not of a class set out under Schedule 5 of the Planning and Development Regulations 2001, as amended, and therefore does not require an Environmental Impact Assessment Report (EIAR).

Any person may, within 4 weeks from the date of publication of this notice, apply to An Coimisiún Pleanála for a screening determination as to whether the development would be likely to have significant effects on the environment.

The plans and particulars of the proposed development are available for inspection online on the council's public consultation portal website (http://consult.sdublincoco.ie) during the period from **29th January 2026 to 13th of March 2026**

Printed plans and particulars of the proposed development are available for inspection or purchase at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy at County Hall, Tallaght, Dublin 24, during office hours from **29th January 2026 to 27th February 2026.**

**Submissions:**

Submissions or observations with respect to the proposed development dealing with the proper planning and sustainable development of the area in which the proposed development will be situated may be made in writing up to **13th of March 2026** and may be submitted as follows;

- On South Dublin County Council's public consultation portal website http://consult.sdublincoco.ie, under Consultation by **11:59pm on 13th of March 2026.**

  **Or**

- In writing addressed to the Senior Executive Officer, Traveller Accommodation Unit, Housing Directorate, South Dublin County Council, County Hall, Tallaght, Dublin 24, to be received on or before **5.00pm on 13th of March 2026.** Submission should be labelled **"Lock Road, Traveller Accommodation, Grange Castle West, Lucan, Co. Dublin".**

**NOTE:** Please make your submission by one medium only. Only submissions received by **13th of March 2026** and addressed as set out above will be considered. Submissions should state the name, address, and, where relevant, details of any organisation, community group or company etc. which you represent. Only submissions received as set out above will be considered. It should be noted that the Freedom of Information Act, 1997-2006 (as amended) applies to all records held by South Dublin County Council.

The council's personal data privacy statements can be viewed at www.sdcc.ie and all personal data will be retained in line with statutory requirements.

**Signed: Director of Housing, South Dublin County Council.**

**Website: www.sdcc.ie**